



# Aonad 4

**San aonad seo, tá nótaí agus cleachtaí ar na rudaí seo a leanas:**

- 1 An stór focal a bhaineann le caitheamh aimsire.
- 2 Na briathra gluaiseachta i gCúige Uladh.
- 3 An réamhfocal i gclásal coibhneasta.
- 4 Difríochtaí idir an Ghaeilge scríofa agus an Ghaeilge labhartha.
- 5 Struchtúir éagsúla a bhaineann leis an ainm bhriathartha.
- 6 Saol agus saothar cuid de na bailitheoirí ceoil agus seanchais a bhí i mbun oibre i gCúige Uladh san am atá thart.

## 1 Focal ar fhocal



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Anna Ní Bhroin agus Máire Uí Cheallaigh síos ar na rudaí a dhéanann siad mar chaitheamh aimsire.

Sula n-amharcfaidh tú ar an fhíseán, bain triail as an chleachtadh thíos.

- Léigh na focail agus na frásaí Béarla sa liosta thíos.
  - Caidé mar a déarfá féin na rudaí sin i nGaeilge?
  - Má tá ceann ar bith ann nach dtig leat a aistriú go Gaeilge, cuardaigh i bhfoclóir Béarla–Gaeilge é.
- Scríobh amach do leaganacha Gaeilge féin.
  - Amharc ar an fhíseán ansin agus bí ag éisteacht fá choinne leaganacha Gaeilge na bhfocal agus na bhfrásaí. Scríobh síos iad.
  - An raibh tú féin agus na cainteoirí ar aon fhocal? Ná bí buartha mura raibh – tá neart bealaí ann leis na rudaí céanna a rá i nGaeilge.

- |  |  |
|--|--|
| 1 soil, earth                                | 5 I go to classes                      |
| 2 putting things together, assembling things | 6 recently                             |
| 3 watering plants                            | 7 house-visiting, an evening's company |
| 4 growing up                                 |  |

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 2 Cluas le héisteacht

---

Amharc ar an fhíseán arís agus bí ag smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- 1 Cad chuige ar chuir Anna suim sa gharradóireacht an chéad lá riamh?
- 2 Deir Anna gur ‘troid’ a bhíonn ann obair a dhéanamh sa gharradh. Caidé na rudaí a mbíonn sí ag troid ina gcoinne?
- 3 Caidé a bhí neamhghnách faoi na ranganna damhsa ar fhreastail Máire orthu i Leitir Ceanainn?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 3 Bain triail as

---

Tá píosa oibre le déanamh anois maidir le pointe gramadaí a tháinig chun cinn san agallamh le hAnna Ní Bhroin.

Dúirt Anna, ‘sa taobh tíre ina bhfuil muid anseo.’ Thioctadh sin a rá ar bhealach eile: ‘sa taobh tíre a bhfuil muid ann.’ Tá Anna i ndiaidh an réamhfhocal ‘i’ a bhogadh go dtí tús na habairte. Tá an dá nós ceart agus is fiú máistreacht a fháil ar an dá cheann acu. Tá an struchtúr a d’úsáid Anna iontach úsáideach i gcás abairtí fada a mbeadh cuid mhór réamhfhocal i ndiaidh a chéile iontu. Seo sampla:

Dúiche Champagne in oirdheisceart na Fraince – an dúiche a dtagann an fíon súilíneach is mó a bhfuil clú agus cáil air as.

Bheadh an abairt i bhfad níos soiléire dá mbogfaí ‘as’ go dtí tús na habairte:

Dúiche Champagne in oirdheisceart na Fraince – an dúiche *as a dtagann* an fíon súilíneach is mó a bhfuil clú agus cáil air.

Athscríobh na habairtí 1–8 sa dóigh is go mbeidh an réamhfhocal sa chéad chuid den abairt.

- 1 Seomra a raibh radharc galánta ar an Chearnóg agus ar an Ard-Eaglais uaidh.
- 2 An té a dtabharfaidh mé mo theach agus mo chuid talaimh agus mo chuid airgid uilig dó.
- 3 Polaiteoir ar chuir baill an pháirtí agus lucht vótála na tíre a muinín inti.
- 4 Obair ar chaith sí féin agus a muintir dua agus dúthracht léi.
- 5 Níl a fhios agam uimhir an tacsáí ar fhág mé mo mhála agus mo ríomhaire glúine ann.
- 6 Seo an peann a ndéanadh sí a cuid sceitsí ar fad leis.
- 7 Ba é sin an clár teilifíse a ndearnadh an líon is mó gearán riamh faoi.
- 8 Caidé an t-ainm atá ar an chuntasóir sin a mbíonn tú ag plé leis?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

## 4 An Lia Gramadaí: na briathra gluaiseachta

Agus í ag caint ar na rudaí a dhéanann sí mar chaitheamh aimsire, deir Máire Uí Cheallaigh gur maith léi ‘dul a dh’airneáil’. B’fhéidir go mbeifeá ag súil léi ‘ag dul ag airneáil’ a rá, ach is minic gur ‘a’ a bhíonn i ndiaidh briathra áirithe i nGaeilge Uladh. Cuireann sé séimhiú ar chonsain.

Thosaigh mé *a phlé* leis an aisteoireacht nuair a bhí mé beag.

Chuir an callán an páiste *a chaoineadh* orm arís!

Chuaigh an chuideachta ar fad *a mhagadh* ar an chréatúr bhocht.

Má thosaíonn an t-ainm briathartha le guta, b’fhéidir go gcluinfé ‘dh’ soiléir mar a bhí ag Máire san fhíseán. Sa Ghaeilge scríofa, is minic a fhágtar an ‘dh’ ar lár. Tá rogha agat an briathar a scríobh ar cheachtar den dá dhóigh seo.

Tháinig Peadar *a dh’iarraidh* iasacht airgid orm. (Nó Tháinig Peadar *a iarraidh* iasacht airgid orm.)

Chuaigh siad *a dh’iascaireacht* scadán amach ó Thoraigh. (Nó Chuaigh siad *a iascaireacht* scadán amach ó Thoraigh.)

Thosaigh sí a dh’urnaí ar a dícheall ansin. (Nó Thosaigh sí a urnaí ar a dícheall ansin.)

Dar ndóigh, bheadh sé iomlán ceart ‘ag’ a úsáid sna cásanna sin, más fearr leat.

Thosaigh mé *ag plé* leis an aisteoireacht nuair a bhí mé beag.

Tháinig Peadar *ag iarraidh* iasacht airgid orm.

Amharc anois ar Aodh Ó Gallchóir, an Lia Gramadaí, a thabharfaidh míniú níos iomláine duit ar a bhfuil i gceist le ‘briathra gluaiseachta’ i nGaeilge Chúige Uladh.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.



## 5 Lúth na teanga: an Ghaeilge labhartha agus an Ghaeilge scríofa



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Antain Mac Lochlainn síos ar chuid de na rudaí a bhíonn le feiceáil sa Ghaeilge scríofa ach nach mbíonn le cluinstitín sa chaint. Amharc ar an fhíseán agus freagair an cheist thíos.

Luaigh Antain na rudaí sa liosta 1–3. Tabhair an t-eolas seo a leanas faoin mhéid a dúirt sé:

- A** Cad chuige ar luaigh sé iad?
- B** Tabhair sampla amháin a léiríonn an rud atá i gceist. (Thig samplaí de do chuid féin a thabhairt.)

### 1 Forainmneacha

- A** \_\_\_\_\_
- B** \_\_\_\_\_

### 2 An t-alt ('an')

- A** \_\_\_\_\_
- B** \_\_\_\_\_

### 3 An réamhfocal 'ag'

- A** \_\_\_\_\_
- B** \_\_\_\_\_

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 6 Comhrá gutháin

---

Léigh an comhrá gairid thíos agus tabhair faoin dá thasc ina dhiaidh.

**Ailbhe:** Haló? Cé atá ann? Eoghan, ab é?

**Eoghan:** Is é. Caidé mar atá tú, a Ailbhe?

**Ailbhe:** Tá mé i gceart. Is fada an lá.

**Eoghan:** Is fada. Haigh, bhí mé ag iarraidh a fháil amach an mbeadh fonn ort pionta a ól, oíche inteacht.

**Ailbhe:** Bheadh, cinnte. An bhfuil áit ar bith ar intinn agat?

**Eoghan:** An áit úr sin i lár an bhaile. Caidé seo an t-ainm atá air?

**Ailbhe:** ‘Teach an Droichid.’ Níl a fhios agam.... bíonn an mhuintir óg ar fad ag tarraingt air.

**Eoghan:** ‘An mhuintir óg’ a deir sí! Níl tú in aois an phinsin go fóill, a Ailbhe. Bhí mé ann oíche Luain agus cé a casadh orm ach Sandra? Má tá sé maith go leor daoithe sin...

**Ailbhe:** Agus an dtig leat bia a fháil ann?

**Eoghan:** Thig. So, an mbeidh tú liom? Oíche amárach?

**Ailbhe:** Beidh. Thart fána seacht a chlog nó mar sin.

### Tasc 1

Sa leagan den chomhrá atá le fáil thuas, tá achan uile fhocal scríofa amach litir ar litir. Ní mar sin a bheadh sé sa chaint. Léigh tríd an chomhrá agus scríos litir ar bith nach mbeadh le cluinstitín sa chaint. Scríobh na focail amach arís más gá. Seo thíos an chéad líne, le cuidiú leat:

**Ailbhe:** Haló? Cé **atá** ann? Eoghan, ab é?

### Tasc 2

Léigh amach an comhrá, i ndiaidh duit do chuid athruithe a dhéanamh air. Déan iarracht é a léamh díreach mar a bheadh sé i gcomhrá nádúrtha.

Déan do leagan féin a thaifeadadh fosta. Thig leat é a chur i gcomparáid leis an leagan atá ar *Aonad 4 Comhad fuaime 4*.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

## 7 I ngleic leis an ghramadach: an t-ainm briathartha

Cé go bhfuil siad cosúil le chéile ó thaobh an fhoclóra de, tá dhá riail éagsúla i gceist sna samplaí seo thíos:

Ba ghnách liom siúl sna cnoic seo.

Ba ghnách liom na cnoic seo a shiúl.

Is é an míniú gramadaí ná go bhfuil **cuspoir** sa dara sampla. Is iad ‘na cnoic seo’ a bhí *le siúl* – sin é an gníomh a bhí le cur i gcrích. Nuair a bhíonn cuspoir san abairt, bíonn an leagan amach seo uirthi de ghnáth: cuspoir + a gairid + ainm briathartha (agus é a bheith séimhithe, má thig sin a dhéanamh).

	<i>cuspoir</i>	<i>a gairid</i>	<i>ainm briathartha</i>
Ní cuimhin liom	Gráinne	a	fheiceáil ann.
An dtiocfadh leat	d'uimhir ghutháin	a	chur chugam arís?
Is furast'	locht	a	fháil ar dhaoine eile.
Is trua liom	í	a	bheith tinn.

Tig athrú ar an leagan amach sin má thig réamhfocal idir an t-ainm briathartha agus an cuspoir. Amharc ar an dá shampla seo:

*Shush! I'm trying to write a song.*

Fuist! Tá mé ag iarraidh amhrán a chumadh.

*Shush! I'm trying to listen to the song.*

Fuist! Tá mé ag iarraidh éisteacht leis an amhrán.

Sa dara habairt, tig an t-ainm briathartha roimh an chuspoir. Seo tuilleadh samplaí den struchtúr chéanna:

	<i>ainm briathartha</i>	<i>réamhfocal</i>	<i>cuspoir</i>
Nár cheart	cuidiú	le	daoine bochta?
Tá na páistí ag iarraidh	amharc	ar	an chluiche.
B'éigean domh	glacadh	leis an	tairiscint.
Ní thig liom	cuimhneamh	ar	ainm an aisteora.

Sin an gnáthleagan amach a bhíonn ar abairtí a bhfuil cuspoir iontu, ach tá struchtúir agus roghanna eile ann. Amharcaidh muid anois ar chuid acu.

## Ag dul a rá amhráin

Cuir i gcás go gcaithfidh tú Gaeilge a chur ar an abairt seo: *She's going to sing a song*. Ó tharla go bhfuil cuspóir (*song*) ag an ainm bhriathartha, thioctadh leat é a rá mar seo:

Tá sí fá choinne amhrán a rá.

Bheadh sé sin ag teacht leis na samplaí a bhí againn go dtí seo.

Tá struchtúr eile ann atá iontach coitianta i nGaeilge Uladh agus a athraíonn ord na bhfocal san abairt:

Tá sí ag dul a rá amhráin.

Thig an struchtúr a léiriú mar seo:

	<i>ag dul</i>	<i>ainm briathartha</i>	<i>cuspóir (sa tuiseal ghinideach)</i>
Nach bhfuil tú	ag dul	a cheannacht	tae domhsa fosta?
Tá mé	ag dul	a fhoghlaim	Spáinnise.
Tá an tiarna talaimh	ag dul	a ardú	an chíosa.
Bhí an seanduine	ag dul	a insint	scéil.

Tabhair faoi deara fosta go mbíonn séimhiú i ndiaidh ‘ag dul’ is cuma cé acu atá cuspóir ag an ainm bhriathartha nó nach bhfuil:

Tá tú ag dul a thitim!

Ná habair go bhfuil sé ag dul a chur agus mé gan cóta orm!

Bí cúramach, mar sin, gan leithéidí ‘Tá mé ag dul Spáinnis a fhoghlaim’ nó ‘ag dul an cíos a ardú’ a rá. Ní mar sin a úsáidtear an struchtúr áirithe seo.

## Ní maith liom do dhiúltú

Cuir i gcás go gcaithfidh tú Gaeilge a chur ar an abairt seo: *I don't like to turn you down*. Ó tharla go bhfuil cuspóir (‘tú’) ag an ainm bhriathartha, thioctadh é a rá ar an dóigh seo:

Ní maith liom tú a dhiúltú.

Tá bealach eile ann leis an rud chéanna a rá. In áit an fhorainm (‘tú’), baintear úsáid as an aidiacht shealbhach (‘do’). Is mar seo a bhíonn:

Ní maith liom do dhiúltú.

Seo tuilleadh samplaí den struchtúr chéanna:

Bhí an slua ag iarraidh a mharú. (...ag iarraidh é a mharú.)

Siúd Éire thall. Thig liom a feiceáil. (Thig liom í a fheiceáil.)

Rachaidh na scileanna seo in éag mura ndéantar a dteagasc. (...mura ndéantar iad a theagasc.)

Níl an struchtúr seo iontach coitianta sa ghnáthchaint, ach tiocfaidh tú air go minic agus tú ag léamh.

## 8 I ngleic leis an ghramadach: cleachtaí

Tá dhá thasc le déanamh anois, féachaint an dtig libh na struchtúir ar cuireadh síos orthu sa mhír dheireanach a úsáid mar is ceart.

### Tasc 1

Léigh na habairtí 1–15. Ceartaigh abairt ar bith a shíleann tú a bheith mícheart.

- 1 Lig domhsa a thiomáint, má tá tú chomh tuirseach sin.
- 2 An raibh a fhios agat go raibh sí ag dul pictiúr a ghlacadh?
- 3 Cuirtear deontais ar fáil, ag iarraidh comhlachtaí beaga a thacú.
- 4 Is doiligh éirí maidin gheimhridh.
- 5 B'fhéarr dúinn gan a fhanacht anseo i bhfad eile.
- 6 Tá mé ag súil go mór le cith a ghlacadh.
- 7 Deir sí go bhfuil sí ag dul gearán a dhéanamh leis an scoil.
- 8 D'iarr Fear an Tí orm a sheasamh os comhair an tslua agus amhrán a rá.
- 9 Ná habair go bhfuil siad ag dul a athrú na rialacha arís!
- 10 I ndáiríribh, ní thig liom damhsa.
- 11 Ní thig liom a thabhairt vóta don pháirtí sin níos mó.
- 12 Tá sé in am duit smaoineamh ar dhaoine eile.
- 13 Lá inteacht, tá mé ag dul a scríobh cuntais ar an tréimhse sin.
- 14 An ag iarraidh mo mharú atá tú?
- 15 Dúirt an bainisteoir liom a chur scairt ar an bhaile.

### Tasc 2

Cuir Béarla ar na habairtí 1–10.

- 1 I don't want to talk to those people.
- 2 I don't want to let those people down. (*lig síos*)
- 3 Aren't you going to say 'thank you'?
- 4 We're going to be late again.
- 5 Do you think we're going to win? (*bain*)
- 6 Who is going to win the match? (*bain*)
- 7 I can read French fairly well.
- 8 We told him to quit. (*éirí as*)
- 9 We told him to quit the cigarettes.
- 10 Are you going to buy her a present?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.



## 9 Cúinne na héigse: Conor Ó Gallchóir

Tá borradh faoin amhránaíocht ar an tsean-nós ar fud Chúige Uladh faoi láthair. I nGaeltacht Thír Chonaill, tá slua d'amhránaithe óga i ndiaidh teacht sna sála ar leithéidí Lillis Uí Laoire agus Bhriain Uí Dhomhnaill. Ina measc sin tá Doimín Mac Giolla Bhríde, Nóilín Ní Cholla agus Máire Ní Choilm, a bhfuil dlúthdhioscaí taifeadta acu agus neart duaiseanna bainte acu.

Is as Gort a' Choirce do Conor Ó Gallchóir, fear óg a bhfuil dornán maith duaiseanna bainte aige le blianta anuas. San fhíseán seo, deir sé an t-amhrán traidisiúnta 'Is Fada mo Chosa gan Bhróga' nó 'An Saighdiúir Tréigthe'.


Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 10 Foinsí foghlama: [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie)



San fhíseán 'Is Fada mo Chosa gan Bhróga', dúirt Conor Ó Gallchóir amhrán a bhailigh Énrí Ó Muirgheasa, fear bailithe amhrán, scéalta agus seanchais. Tá ábhar againn a bheith buíoch d'Ó Muirgheasa agus do na bailitheoirí eile a bhí ag saothrú i gceantair Ghaeltachta in oirthear Uladh. Ina measc sin bhí Charlotte Brooke (1740–93), Roibeard Mac Ádhaimh (1808–95), Seosaimh Laoide (1865–1939), agus Aoidhmín Mac Gréagóir (1884–1950).

Nuair a chuir Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú rompu nótaí beathaisnéise a scríobh faoi dhaoine a bhí mór le rá i ngluaiseacht na Gaeilge, b'éigean dóibh áit a thabhairt do na bailitheoirí seo. D'fhoilsigh Breathnach agus Ní Mhurchú naoi leabhar sa tsraith *Beathaisnéis* idir 1986 agus 2007, leabhair atá lán eolais faoi scoláirí, scríbhneoirí agus fathaigh na hathbheochana. Tá ábhar na leabhar sin, agus iontrálacha úra lena chois, le fáil ar an tsuíomh [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie).



The screenshot shows the homepage of [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie). The site has a green header with the logo 'ainm.ie' and navigation links for 'logainm.ie' and 'téarma.ie'. Below the header, there is a navigation bar with 'An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge', 'Ab Liosta Aibítreach', 'Cuardach Lántéacs', and 'Amlíne'. The main content area features a search bar with the text 'Énrí Ó Muirgheasa' and a search icon. Below the search bar, there is a message: 'Scríobh focal amháin nó breis agus gheobhaidh tú liosta alt a dtagann na focail sin chun cinn iontu.' At the bottom, there is a section titled 'Liosta Aibítreach' with a grid of letters from A to Z.

Tá píosa oibre le déanamh agat anois maidir le hobair na mbailitheoirí móra.

Cuir isteach na hainmneacha seo i mbosca cuardaigh [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie) agus léigh na cuntais ar a saol agus a saothar:

- 1 Roibeard Mac Ádhaimh
- 2 Aoidhmín Mac Gréagóir

I ndiaidh duit na beathaisnéisí a léamh, freagair na ceisteanna seo a leanas:

- Ba é Robert Shipboy McAdam an t-ainm Béarla a bhí ar Roibeard. Caidé is cúis le ‘Shipboy’ a bheith ann?
- Caidé na cuspóirí a bhí ag Cuideacht Gaedhilge Uladh?
- Cé dó an graiméar Gaeilge a raibh baint ag Roibeard lena fhoilsiú?
- Cén dóigh ar chuir Robert fostaíocht ar fáil do scoláirí Gaeilge?
- Cá háit a bhfuil uaigh Roibeard Mhic Ádhaimh?
  
- Toghadh Aoidhmín Mac Gréagóir ar Choiste Cathrach Bhéal Feirste de Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1900. Caidé a bhí neamhghnách faoi sin?
- Cén t-eolas atá againn faoi shaol oibre Aoidhmín?
- MacMillan an sloinneadh Béarla a bhí air – cad chuige ar roghnaigh sé ‘Mac Gréagóir’ mar leagan Gaeilge?
- Caidé mar a léirigh Aoidhmín an tsuim a bhí aige i gcultúr Ghaeil na hAlban?
- Cá háit a bhfuil uaigh Aoidhmín Mhic Gréagóir?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

## Aonad 4: seicliosta

- Thig liom réamhfhocail a aistriú timpeall taobh istigh d’abairt.
- Tuigim a bhfuil i gceist le ‘briathra gluaiseachta’ agus thig liom iad a úsáid mar is ceart.
- Tá cur amach agam ar chuid de na rudaí a bhíonn le feiceáil sa Ghaeilge scríofa ach nach mbíonn le cluinstitín sa chaint.
- Tá mé ábalta struchtúir éagsúla ainm briathartha a láimhseáil.
- Tá mé ar an eolas faoin tsuíomh gréasáin [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie) ar a bhfuil eolas faoi shaol agus saothar daoine a bhí gníomhach i saol na Gaeilge.

# Nótaí agus freagraí

## 1 Focal ar fhocal

---

- 1 Is iomaí focal sa Ghaeilge a chuireann an smaoineamh seo in iúl, mar shampla ‘cré’, ‘ithir’ agus ‘úir’. Is é a deir Anna, ‘créafóg’.
- 2 Is é a deir Anna, ‘ag cur rudaí i gceann a chéile’.
- 3 Is é a deir Anna, ‘ag cur uisce ar phlandaí’.
- 4 Is é a deir Anna, ‘ag fás aníos.’ Nuair a úsáidtear an focal ‘aníos’, bíonn gluaiseacht ó phointe íseal i gceist, mar shampla ‘Tharraing sé buicéad uisce aníos as an tobar.’ Ní hé go bhfuil ‘ag fás suas’ mícheart, ach is deas an leagan é ‘fás aníos.’
- 5 ‘Téim a fhad le ranganna’ a deir Máire. Dar ndóigh, bheadh ‘téim chuig’ nó ‘téim go dtí ranganna’ ceart fosta.
- 6 ‘Ar na moilibh’ a deir Máire. Is é ‘ar na mallaibh’ an leagan caighdeánach.
- 7 ‘Airneáil’ a deirtear ar fud Chúige Uladh. Is é ‘airneán’ an leagan caighdeánach. Ba ghnách le cainteoirí Gaeilge in oirthear Uladh ‘céilí’ a úsáid ar an dóigh chéanna – focal a mhaireann sa Bhéarla féin.

## 2 Cluas le héisteacht

---

- 1 Bhí Anna ag iarraidh caitheamh aimsire a dtiocfadh na páistí óga a bheith páirteach ann.
- 2 Luann Anna aimsir na hÉireann, go háirithe i dTír Chonaill. Nuair a thig an aimsir mhaith sa tsamhradh, bíonn fonn orthu an trá a bhaint amach seachas a bheith ag cur uisce ar phlandaí.
- 3 Is trí Ghaeilge a bhí na ranganna damhsa á reáchtáil.

## 3 Bain triail as

---

- 1 Seomra óna raibh radharc galánta ar an Chearnóg agus ar an Ard-Eaglais.
- 2 An té dá dtabharfaidh mé mo theach agus mo chuid talaimh agus mo chuid airgid uilig.
- 3 Polaiteoir inar chuir baill an pháirtí agus lucht vótála na tíre a muinín.
- 4 Obair lenar chaith sí féin agus a muintir dua agus dúthracht.
- 5 Níl a fhios agam uimhir an tacsáí inar fhág mé mo mhála agus mo ríomhaire glúine.
- 6 Seo an peann lena ndéanadh sí a cuid sceitsí ar fad.
- 7 Ba é sin an clár teilifíse faoina ndearnadh an líon is mó gearán riamh.
- 8 Caidé an t-ainm atá ar an chuntasóir sin lena mbíonn tú ag plé?

## 5 Lúth na teanga: an Ghaeilge labhartha agus an Ghaeilge scríofa

### 1 Forainmneacha

**A** Cé go mbíonn síneadh fada ar fhorainmneacha mar ‘mé’ agus ‘sé’ sa Ghaeilge scríofa, fuaimnítear gairid iad go minic sa chaint. Tarlaíonn sé sin nuair a thagann briathar rompu. \*

**B** ‘Dhíol *me* an bille’ nó ‘lean an madadh *me*.’

### 2 An t-alt (‘an’)

**A** Ní bhíonn sé le cluinstitín, de ghnáth, idir dhá fhocal.

**B** ‘Teach a’ tsolais’ nó ‘fear a’ cheoil’.

### 3 An réamhfhocal ‘ag’

**A** Ní bhíonn sé le cluinstitín roimh ainmneacha briathartha a thosaíonn le consan.

**B** ‘A’ tiomáint leoraí’ nó ‘a’ cumadh scéalta’.

\* Tá comhthéacs amháin ina bhfuaimnítear an síneadh fada. Dá mbeadh daoine ag comhrá, agus dá mbeadh duine acu ag iarraidh treise a chur le freagra, b’fhéidir go mbainfeadh sé fad as an fhorainm, mar seo:

Cainteoir 1: Ní chreidim go ndéarfadh Donnchadh rud mar sin.

Cainteoir 2: Dúirt sé!

Cainteoir 1: Níor thug tú cuidiú ar bith domh riamh.

Cainteoir 2: Thug *mé*!

## 6 Comhrá gutháin

**Ailbhe:** Haló? Cé **a**tá ann? Eoghan, ab é?

(*Ritheann na gutaí in ‘cé’ agus ‘atá’ isteach ina chéile: ‘cé ‘tá’ a deirtear.*)

**Eoghan:** **Is-é:** ‘Sé. Caidé mar **a**tá tú, **a** Ailbhe?

(*‘Sé’ a deirtear in áit ‘is é.’ ‘Caidé mar ‘tá tú’ a deirtear sa chaint. Tá an dá ‘a’ ag teacht le chéile sa dóigh nach gcluintear ach ‘Caidé mar ‘tá tú ‘Ailbhe.’*)

**Ailbhe:** Tá mé\* i gceart. Is fada an lá.

(*Tabhair faoi deara gur ‘me’ a deirtear, in ainneoin go bhfuil síneadh fada ar ‘mé.’*)

**Eoghan:** Is fada. Haigh, bhí mé ag iarraidh **a** fháil amach an mbeadh fonn ort pionta **a** ól, oíche inteacht.

(*Ní chluinfe an ‘a’ toisc na gutaí a bheith ag rith isteach ina chéile.*)

**Ailbhe:** Bheadh, cinnte. **An** bhfuil áit ar bith ar intinn agat?

(*Sa ghnáthchaint, is gnách le daoine ‘bhfuil a rá.’*)

**Eoghan:** An áit úr sin i lár **a**n bhaile. Caidé seo an t-ainm atá air?

(*Ní chluintear an ‘n’ idir dhá fhocal.*)

**Ailbhe:** ‘Teach **a**n Droichid.’ Níl **a** fhios agam.... bíonn an mhuintir óg ar fad ag tarraingt air.

(*Ní chluintear an ‘n’ idir dhá fhocal. ‘Níl ‘fhios agam’ a deirtear sa ghnáthchaint.*)

**Eoghan:** ‘An mhuintir óg’ a deir sí! Níl tú in aois a n phinsin go fóill, a Ailbhe. Bhí mé ann oíche Luain agus cé a casadh orm ach Sandra? Má tá sé maith go leor daoithe sin...

(I gcás ‘aois an phinsin’, ní chluintear an ‘n’ idir dhá fhocal. Tá gutaí ag teacht le chéile sna samplaí eile.)

**Ailbhe:** Agus an dtig leat bia a fháil ann?

(Gutaí ag teacht le chéile.)

**Eoghan:** Thig. So, an mbeidh tú liom? Oíche amárach?

**Ailbhe:** Beidh. Thart fána seacht a chlog nó mar sin.

## 8 I ngleic leis an ghramadach: cleachtaí

### Tasc 1

1 Lig domhsa a thiomáint, má tá tú chomh tuirseach sin.

**Mícheart.** Níl cuspóir ar bith ag an ainm bhriathartha ‘tiomáin’.

**Leagan ceartaithe:** Lig domhsa tiomáint, má tá tú chomh tuirseach sin.

2 An raibh a fhios agat go raibh sí ag dul pictiúr a ghlacadh?

**Mícheart.** Ba cheart go mbeadh an t-ainm briathartha ‘glacadh’ roimh an chuspóir. Ba cheart ‘pictiúr’ a bheith sa tuiséal ghinideach.

**Leagan ceartaithe:** An raibh a fhios agat go raibh sí ag dul a ghlacadh pictiúir?

3 Cuirtear deontais ar fáil, ag iarraidh comhlachtaí beaga a thacú.

**Mícheart.** Ní dhéantar comhlachtaí a ‘thacú’. Is é rud go mbítear ag tacú leo.

**Leagan ceartaithe:** Cuirtear deontais ar fáil, ag iarraidh tacú le comhlachtaí beaga.

4 Is doiligh éirí maidin gheimhridh.

**Ceart.** Níl cuspóir ag an ainm bhriathartha ‘éirigh’.

5 B’fhearr dúinn gan a fhanacht anseo i bhfad eile.

**Mícheart.** Níl cuspóir ag an ainm bhriathartha ‘fan’.

**Leagan ceartaithe:** B’fhearr dúinn gan fhanacht anseo i bhfad eile.

6 Tá mé ag súil go mór le cith a ghlacadh.

**Ceart.** Is é ‘cith’ an cuspóir atá ag an ainm bhriathartha ‘glac.’

7 Deir sí go bhfuil sí ag dul gearán oifigiúil a dhéanamh leis an scoil.

**Mícheart.** Ba cheart an cuspóir (‘gearán’) teacht i ndiaidh an ainm bhriathartha (‘déan’) agus é a bheith sa tuiséal ghinideach.

**Leagan ceartaithe:** Deir sí go bhfuil sí ag dul a dhéanamh gearáin leis an scoil.

8 D’iarr Fear an Tí orm a sheasamh os comhair an tslua agus amhrán a rá.

**Mícheart.** Níl cuspóir ar bith ag an ainm bhriathartha ‘seas’.

**Leagan ceartaithe:** D’iarr Fear an Tí orm seasamh os comhair an tslua agus amhrán a rá.

- 9 Ná habair go bhfuil siad ag dul a athrú na rialacha arís!  
**Ceart.** *Tig an cuspóir ('na rialacha') i ndiaidh an ainm bhriathartha 'athraigh'.*
- 10 I ndáiríribh, ní thig liom damhsa.  
**Ceart.** *Níl cuspóir ar bith ag an ainm bhriathartha 'damhsa'.*
- 11 Ní thig liom a thabhairt vóta don pháirtí sin níos mó.  
**Mícheart.** *Is é 'vóta' an cuspóir atá ag an ainm bhriathartha 'tabhair'.*  
**Leagan ceartaithe:** *Ní thig liom vóta a thabhairt don pháirtí sin níos mó.*
- 12 Tá sé in am duit smaoineamh ar dhaoine eile.  
**Ceart.** *Níl cuspóir ar bith ag an ainm bhriathartha 'smaoinigh'.*
- 13 Lá inteacht, tá mé ag dul a scríobh cuntais ar an tréimhse sin.  
**Ceart.** *Tig an cuspóir ('cuntas') i ndiaidh an ainm bhriathartha 'scríobh'.*
- 14 An ag iarraidh mo mharú atá tú?  
**Ceart.** *Bheadh 'An ag iarraidh mé a mharú atá tú?' i bhfad níos coitianta.*
- 15 Dúirt an bainisteoir liom a chur scairt ar an bhaile.  
**Mícheart.** *Is é 'scairt' an cuspóir atá ag an ainm bhriathartha 'cuir'.*  
**Leagan ceartaithe:** *Dúirt an bainisteoir liom scairt a chur ar an bhaile.*

## Tasc 2

Is aistriúcháin shamplacha atá sna habairtí thíos. Thiocfadh aistriúcháin eile a bheith ceart fosta.

- 1 I don't want to talk to those people.  
*Níl mé ag iarraidh labhairt leis na daoine sin.*
- 2 I don't want to let those people down. (*lig síos*)  
*Níl mé ag iarraidh na daoine sin a ligean síos.*
- 3 Aren't you going to say 'thank you'?  
*Nach bhfuil tú ag dul a rá 'go raibh maith agat?'*
- 4 We're going to be late again.  
*Tá muid ag dul a bheith mall arís.*
- 5 Do you think we're going to win? (*bain*)  
*Do bharúil go bhfuil muid ag dul a bhaint?*
- 6 Who is going to win the match? (*bain*)  
*Cé atá ag dul a bhaint an chluiche?*
- 7 I can read French fairly well.  
*Thig liom an Fhraincis a léamh go measartha maith.*
- 8 We told him to quit. (*éirí as*)  
*Dúirt muid leis éirí as.*

9 We told him to quit the cigarettes.

*Dúirt muid leis éirí as na toitíní.*

10 Are you going to buy her a present?

*An bhfuil tú ag dul a cheannacht bronntanais di?*

## 10 Foinsí foghlama: [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie)

---

- Ba é Robert Shipboy McAdam an t-ainm Béarla a bhí ar Roibeard. Caidé is cúis le ‘Shipboy’ a bheith ann?  
*Shipbuoy an sloinneadh a bhí ar a mháthair.*
- Caidé na cuspóirí a bhí ag Cuideacht Gaedhilge Uladh?  
*Lámhscríbhinní a bhailiú, múinteoirí Gaeilge a sholáthar agus leabhair Ghaeilge a fhoilsiú. Bhí na gnéithe sin lárnach i gcuid oibre Chonradh na Gaeilge, a bunaíodh in 1893, trí bliana is seasca i ndiaidh bhunú Chuideacht Gaedhilge Uladh.*
- Cé dó an graiméar Gaeilge a raibh baint ag Roibeard lena fhoilsiú?  
*Do dhaltaí a bhí ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge sa Royal Belfast Academical Institution, nó ‘Inst’ mar is fearr aithne air.*
- Cén dóigh ar chuir Robert fostaíocht ar fáil do scoláirí Gaeilge?  
*D’fhostaigh sé leithéidí Aodha Mhic Dhomhnaill le bheith ag obair ar thionscadail Ghaeilge, mar shampla foclóir a chur le chéile nó lámhscríbhinní a bhailiú.*
- Cá háit a bhfuil uaigh Roibeard Mhic Ádhaimh?  
*I gCnoc Bhríde (Knockbreda), Béal Feirste.*
- Toghadh Aoidhmín Mac Gréagóir ar Choiste Cathrach Bhéal Feirste de Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1900. Caidé a bhí neamhghnách faoi sin?  
*Ní raibh sé ach sé bliana déag d’aois san am.*
- Cén t-eolas atá againn faoi shaol oibre Aoidhmín?  
*Is cosúil nach raibh post aige riamh. Mhair sé ar an airgead a fuair sé le huacht óna mhuintir. Ba é a scríobh sé ar an fhoirm dhaonáirimh gur ‘duine uasal gan chéard’ a bhí ann, is é sin ‘gan cheird.’*
- MacMillan an sloinneadh Béarla a bhí air – cad chuige ar roghnaigh sé ‘Mac Gréagóir’ mar leagan Gaeilge?  
*Ní fios dúinn go díreach ach tharla go raibh suim mhór aige i nGaeilge na hAlban. Bhí an chanúint sin ar a thoil aige chomh maith le Gaeilge na hÉireann.*
- Caidé mar a léirigh Aoidhmín an tsuim a bhí aige i gcultúr Ghaeil na hAlban?  
*Sheinneadh sé ar an phíb mhór agus chaitheadh sé an fillleadh beag.*
- Cá háit a bhfuil uaigh Aoidhmín Mhic Gréagóir?  
*I nDún Dónaill, Béal Feirste.*

# Scripteanna

## 1 Cluas le héisteacht

### Anna Ní Bhroin

*Well*, is dóiche,<sup>1</sup> nuair a thagann sé go dtí caitheamh aimsire de, gur... nuair a bhí na páistí beag bídeach, an caitheamh aimsire is mó a raibh am agam dó ná caitheamh aimsire a dtiocfadh liom na páistí a bheith rannpháirteach ann fosta.

Agus thoisigh mé féin agus iad féin a gharradóireacht<sup>2</sup> agus bíonn muid ag garradóireacht agus cuireann muid an-stró orainn féin ag tús na bliana, ag bailiú síolta agus ag réitiú<sup>3</sup> créafóige agus ag bailiú boscaí<sup>4</sup> agus rudaí agus ag cur rudaí i gceann a chéile. Agus bíonn cúpla seachtain de sin déanta againn... Ach, go minic, dhéanfá dearmad ansin nuair a thagann laethanta an tsamhraidh agus bíonn an ghrian ag soilsiú agus bíonn fonn orainn a bheith ar an tráigh.

Agus bíonn muid ag déanamh, bíonn muid... bíonn cineál, bíonn stró orainn agus bíonn drogall orainn ansin go gcaithfidimid a bheith ag cur uisce ar phlandaí agus a leithéid. Agus ansin, sa taobh tíre ina bhfuil muid anseo, i dTír Chonaill, bíonn sé dúshlánach go maith a bheith ag garradóireacht. Bíonn muid ag troid le cúrsaí aimsire agus le cúrsaí gaoithe agus seo uilig go léir. Ach is deas an rud é a bheith ábalta am a chaitheamh amuigh faoin aer agus a bheith ag garradóireacht.

Ansin nuair a bhíonn am agam domh féin, is maith liom am a chaitheamh liom féin. Rinne mé, *you know*, chaith mé am liom féin agus mé ag fás aníos, agus bíonn sé deas am a chur sa chláir ama anois le ham a chaitheamh liom féin. Agus nuair a bhíonn na páistí gafa le rudaí eile, bíonn sé deas imeacht ar siúl agus am a chaitheamh, b'fhéidir, ag éisteacht le *radio* agus, nuair a fhaighim deis, b'fhéidir, amharc ar chláiracha teilifíse agus a leithéid. Ach bíonn an t-am teoranta.

- 1 ...*is dóiche*... Is é 'is dócha' an leagan caighdeánach.
- 2 ...*ag garradóireacht*... Is é 'garraíodóireacht' an leagan caighdeánach.
- 3 ...*ag réitiú créafóige*... Is é 'ag réiteach' an leagan caighdeánach.
- 4 ...*ag bailiú boscaí*... Dar ndóigh, ní 'bosca' a deirtear i nGaeilge Uladh, ach 'bosca'.

### Máire Uí Cheallaigh

Tá, creidim,<sup>1</sup> bím gnoitheach cuid mhór den am, cinnte, agus corram, níl a fhios agam cén dóigh a mbím gnoitheach ach, cá bith.<sup>2</sup> Glacaim páirt, b'fhéidir, ag dul a fhad le ranganna<sup>3</sup> agus rud mar sin. Agus téim a fhad<sup>4</sup> le ranganna damhsa, b'fhéidir. Bhí rang ansin i Leitir Ceanainn ar na moillibh<sup>5</sup> ag na hoifigigh Ghaeilge sa Chomhairle Contae, Seán Ó Daimhín agus Róisín Nic Laifeartaigh. Rith siad cúig rang damhsa i Leitir Ceanainn agus bhí siad reáchtáilte trí mheán na Gaeilge. Agus bhain muid sult mór as agus bhí craic mhaith ann. Agus chuaigh muid ann achan oíche agus caithfidh mé a rá gur bhain mé sult as.



Téim a fhad chomh maith le Comhaltas Ceoltóirí i Leitir Ceanainn. Bíonn seisiún acu achán... ceol amháin a bhíonn leis sin – ní bhíonn uirlisí ceoil ann. Téim a fhad leis sin achán trí mhí. Agus chomh maith leis sin, téim a fhad le hoícheannaí<sup>6</sup> Gaelacha i gClochbhuaille agus nuair a bhíonn ceann i mBaile na Finne. Agus corróiche téim síos go Gleann Fhinne, bíonn ceann thíos ansin fosta.

Agus bainim sult as na rudaí sin agus sin an dóigh a gcuirim thart am ar bith a bhíonn agam agus, b'fhéidir, ag dul a fhad le tithe corruair, a dh'airneáil<sup>7</sup> fosta. Níl deireadh leis sin go fóill. Téann muid a fhad le corrcheann acu sin fosta.

- 1 *Tá, creidim...* Is minic a deir daoine 'tá' i dtús abairte, ní mar fhreagra ar cheist ach díreach le seans a thabhairt dóibh féin smaoineamh faoin mhéid atá siad ag dul a rá. Ar bhealach, tá sé cosúil le *yeah* sa Bhéarla.
- 2 *...cá bith...* Úsáidtear 'cá bith' i gcanúint Uladh san áit a mbeadh 'cibé' i gcanúintí eile.
- 3 *...ranganna...* Is é 'ranganna' a deir Máire. Is gnách fuaim 'í' a chur i ndeireadh focail a chríochnaíonn le -nna, mar shampla 'míonna(í)', '...
- 4 *Téim a fhad le...* Ní chluintear an 'a'. Fuaimnítear an frása amhail is gur 'Téim 'fhad le' a bheadh ann.
- 5 *... ar na moillibh...* Is é 'ar na mallaibh' an leagan caighdeánach.
- 6 *...oícheannaí...* Is é 'oícheanta' an leagan caighdeánach.
- 7 *... a dh'airneáil...* Mínítear an 'dh' i dtús an bhriathair i mír 4 san aonad seo.

## 4 An Lia Gramadaí: na briathra gluaiseachta

Tá nós sa chaint 'a' beag gairid a úsáid in áit 'ag' i samplaí mar seo: 'thoisigh siad a chaint' nó 'chuaigh siad amach a shiúl.' Cad chuige sin, nó an bhfuil an dá nós chomh fóna lena chéile?

Tréith í seo atá leitheadach go maith, go háirithe i gcanúint Uladh. Ní phléifidh mé achán chás anseo ach déanfaidh mé iarracht cibé an scéal a shoiléiriú rud beag. Ar dtús, nuair a thig 'briathar gluaiseachta' – déarfaidh muid 'thoisigh sé', 'tháinig sí' nó fiú 'stad mé' – nuair a thig briathar den chineál sin roimh an ainm briathartha, is minic a bhíonn an 'a' gairid sin againn in áit 'ag': 'thoisigh siad a chaoineadh', déarfaidh muid, nó 'stad mé a chaint.'

Tugaigí faoi deara, go minic leis na samplaí sin go mbíonn rún, mian nó sprioc i gceist: 'tháinig sé a iarraidh cuidithe', 'chuaigh sí amach a iarraidh airgid' nó 'tá mé ag dul a cheannacht carr úr'. I gcanúintí eile, leis an tsampla dheireanach sin, b'fhéidir go ndéarfadh duine, 'tá mé chun carr nua a cheannacht'. Ach fiú i gcanúintí eile, tá an 'a' gairid sin le cluinstit i samplaí áirithe – déarfaidh muid, 'ag dul a chodladh' nó 'ag dul a luí', cuir i gcás.

Agus deireadh ráite, is beag locht a bheadh ag duine ar 'chuaigh siad ag troid'<sup>1</sup> nó ar 'chuaigh siad a throid', ach is deas an nósmaireacht áirithe seo. Agus, ar a laghad, tuigfidh sibh anois cén bunús atá léi an chéad uair a chluinfidh sibh í.

- 1 *...Chuaigh siad a throid.* Is minic a úsáidtear 'chuaigh' sa chiall 'thoisigh' i nGaeilge Uladh.

## 5 Lúth na teanga: an Ghaeilge labhartha agus an Ghaeilge scríofa

**Siuán:** Anois, is minic a deir daoine go bhfuil difear idir an teangaidh scríofa agus an teangaidh labhartha. An bhfuil sé sin fíor i gcás na Gaeilge?

**Antain:** Tá sé fíor i gcás na Gaeilge, is dóigh liom. Bíonn i gcónaí difear idir an teangaidh scríofa agus an teangaidh labhartha. Is doiligh rudaí áirithe a bhaineann leis an chaint a léiriú sa scríobh. Agus, go minic, cuireann sin foghlaimeoirí, cineál... baineann sin truisle<sup>1</sup> astu. Mar shampla, na forainmneacha, na focla beaga sin ‘mé,’ ‘tú,’ ‘sé,’ ‘sí’. Bíonn síneadh fada orthu sin an t-am ar fad sa scríobh, ach ní i gcónaí a fhuaimnítear fada iad. Go minic, bíonn siad gairid sa chaint. Cuir i gcás, má chuirtear briathar leo: ‘Sin an rud a dúirt *me*.’ Ní deir daoine, ‘Sin an rud a dúirt *mé*.’ ‘Chuir *se* cuid mhór inné.’ Ní deir daoine, ‘Chuir *sé* cuid mhór inné’ nó rud ar bith mar sin. Agus fiú amháin ‘siad’ – níl síneadh fada air sin ach tá sé fada mar tá an ‘i’ agus an ‘a’ ann agus is défhoghar atá ann: ‘siad’. Ach fuaimnítear sin iontach gairid fosta. Is é an rud a deir daoine ná, ‘Sin an rud a rinn’ siad.’ Agus bíonn an ‘siad’ sin iontach gairid.

Agus tarlaíonn sé fosta má bhíonn an forainm mar chuspóir ag briathar. Bhí dán ag Dubhghlas de hÍde a bhí sa tsiollabas scoile fadó, ‘An Gleann inar Tógadh Mé’ – ‘An Gleann inar Tógadh *Me*’. Iontach gairid, ní ‘An Gleann inar Tógadh *Mé*’ nó rud ar bith mar sin. Agus bíonn sé mar sin i ngach aimsir chomh maith. ‘Cuirfidh *me* scairt ort amárach.’ Ní deir daoine, ‘Cuirfidh *mé* scairt ort amárach.’

So, sin sampla amháin ina mbíonn síneadh fada sa scríobh ach ní bhíonn sé le cluinstitín sa chaint.

**Siuán:** Agus thiocfadh an t-alt a lua ansin fosta, nach dtiocfadh? An focal beag tábhachtach sin, ‘an’.

**Antain:** Gan dabht. Is sampla iontach maith sin, mar scríobhtar an ‘n’ i gcónaí sa Ghaeilge chaighdeánach ach ní i gcónaí a chluintear é. Go háirithe<sup>2</sup> idir dhá fhocal: ‘oifig a’ phoist’, ‘fear a’ tí’, ‘Léim a’ Mhadaidh’. Agus léiríonn sé sin cé chomh bunúsach is atá sé sin sa Ghaeilge, go mbíonn sé le cluinstitín fiú amháin sna logainmneacha Béarla. Portaferry. Limavady. Ní deir muid, ní bhíonn ‘n’ ar bith le cluinstitín ansin. So, tá sin ag dul i bhfad siar.

Agus sampla eile nár mhiste a lua, is dócha, ná ‘ag’. An focal beag sin ‘ag’ a chuirtear le hainmneacha briathartha. Agus cluin tú an ‘g’ in amanna: ‘ag urnaí’, ‘ag ól’, ‘ag éisteacht.’ Ach tá guta i dtús gach ceann de na briathra sin. Dá mbeadh an briathar ag toiseacht le consán, ní i gcónaí a chluintear an ‘g’: ‘a’ siúl ‘na bhaile’, ‘a’ teacht ‘na bhaile’ agus mar sin de.

**Siuán:** Agus, corruair, ritheann focla isteach ina chéile go díreach?

**Antain:** Sin é, díreach ar nós teangaidh ar bith. Sa Bhéarla, mar shampla, deir daoine *rock n’ roll*. Ní deir duine ar bith *rock and roll*, nó *fish n’ chips* agus rudaí mar sin. Agus tarlaíonn sin sa Ghaeilge fosta. Focla mar, cuir i gcás ‘chun an bhaile’. Sin an rud a scríobhtar, ach is é an rud a deir daoine ná ‘na bhaile’. So, ‘tá mé ag teacht na bhaile.’ Ní deir daoine ‘tá mé ag teacht chun an bhaile’ nó rud ar bith mar sin.

Agus is fiú na rudaí beaga sin a thabhairt leat, is dóigh liom, má tá tú ag iarraidh go mbeidh sruth deas

cainte leat agus go mbeidh rithim i do chuid Gaeilge. Tá difear mór idir ‘Chonaic me fear a’ tí a’ teacht na bhaile’ agus ‘Chonaic mé fear an tí ag teacht chun an bhaile.’ Rud nár dhúirt duine ar bith riamh, agus nach ndéarfadh.

1 ...*truisle*... Is é ‘tuisle’ an leagan caighdeánach.

2 ...*Go háirid*... Is é ‘go háirithe’ an leagan caighdeánach.

## 9 Cúinne na héigse: Is Fada mo Chosa gan Bhróga

### Conor Ó Gallchóir

Fuair mé an t-amhrán ‘Is Fada mo Chosa gan Bhróga’ ó bhailiúchán Énrí Ó Muirgheasa, *Céad de Cheoltaibh Uladh*. Ar ndóigh, rinneadh bailiúchán béaloidis agus ba é Énrí Ó Muirgheasa a bhí ina bhun. Agus is amhrán é a chuireann síos ar fhear a thréig an t-arm. Ar ndóigh, ábhar conspóideach go leor.

Is fada mo chosa gan bhróga  
's is faide mo phócaí gan pinghin;  
agus is fada mé ag ól le mná óga  
ach níor ól mé riamh deoir le mo mhian.

Is trua nach marbh a bhí m'athair  
nuair a chuir sé mé go harm an rí;  
's gurb í an uaigh mo chruaidh-leabaidh feasta  
's a chéadsearc, nach trua leat mo luí?

Dá mbeinnse seacht mbliana faoi thalamh  
nó i bhfiabhras na leapa 'mo luí;  
a chéadsearc, dá dtiocfá is mé a fhiafraí  
scéal cinnte go mbeinn leat i mo shuí.

Is fada m'uaighe á dhéanamh  
mo thuamba á phriontáil ag saor;  
mo chónair á tógáil lá an earraigh  
is na buachaillí deasa 'dul faoi.

Nuair a d'éirigh mé ar mhaidin Dé Céadaoin  
mo chiall mhaith gur lig mé le gaoth;  
is níl pléisiúr ná áthas sa tsaol seo  
ó scar mé le grá geal mo chroí.